



Eochairchéim 3

Dátaí Tábhachtacha agus Gníomhaíochtaí don Mheasúnú agus don Mhodhnóireacht maidir leis an Chumarsáid, le hÚsáid na Matamaitice agus le Úsáid TFC 2016/17

- Chuir CCEA an scoil ar an eolas cheana féin maidir le modhnóireacht ar **An Chumarsáid, Úsáid na Matamaitice, nó Úsáid TFC** i mbliana.
- Beidh deis ag múinteoirí freastal ar **ócáid leagtha síos caighdeán de chuid CCEA** i mí na Samhna/mí na Nollag.
- Mar chuid de na socrúithe measúnaithe, caithfidh an scoil **caighdeánú inmheánach** a dhéanamh sula dtarlóidh an modhnóireacht.

An Modhnóireacht: Deimhniú Caighdeán (*Gach scoil*)

Lena chinntiú go bhfuil tuiscint chomhchoiteann, chruinn ag scoileanna maidir leis na caighdeáin mar a chuirtear síos orthu sna Leibhéil de Dhul Chun Cinn.

Caithfidh an scoil **samplaí d'obair daltaí** a chur chuig CCEA don scil a tugadh di (Cumarsáid, Úsáid na Matamaitice, nó Úsáid TFC). Ba cheart go mbeadh samplaí in iontráil na scoile de gach leibhéal atá beartaithe ag an scoil a thuairisciú i mbliana.

Dátaí Tábhachtacha	An Chumarsáid	Úsáid na Matamaitice	Úsáid TFC
Faoin 13 Feabhra 2017 don Chumarsáid, Úsáid na Matamaitice agus Úsáid TFC	Maidir leis An Chumarsáid : caithfear sé phíosa d'obair daltaí (is féidir Tascanna atá faofa ag CCEA/Tascanna Measúnaithe Eiseamláire a chur san áireamh) a chur isteach do gach leibhéal atá beartaithe ag an scoil a thuairisciú, ar a n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> • tri shampla Léitheoireachta; • tri shampla Scríbhneoireachta; agus • samplaí a bhaineann le comhthéacsanna éagsúla. 	Maidir le hÚsáid na Matamaitice : caithfear tri phíosa d'obair daltaí (is féidir Tascanna atá faofa ag CCEA/Tascanna Measúnaithe Eiseamláire a chur san áireamh) a chur isteach do gach leibhéal atá beartaithe ag an scoil a thuairisciú, ar a n-áirítear samplaí a léiríonn leithead trasna: <ul style="list-style-type: none"> • na Riachtanais; agus • an tEolas agus Tuiscint. 	Maidir le hÚsáid TFC : caithfear cúig phíosa d'obair daltaí (is féidir Tascanna atá faofa ag CCEA/Tascanna Measúnaithe Eiseamláire a chur san áireamh) a chur isteach do gach leibhéal atá beartaithe ag an scoil a thuairisciú, ar a n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> • fianaise de Fiosrú, Cur in Iúl, Malartú agus Luacháil; agus • samplaí a léiríonn taithí leathan ar Úsáid TFC (cineálacha éagsúla bogearraí trasna Réimsí Foghlama éagsúla).

Ba cheart obair ón scoilbhliain 2016/17 a chur in iontráil na scoile nuair is féidir. Is féidir obair ó bhliainghrúpa ar bith a úsáid. Mura bhfuil samplaí fóirsteanacha agat ag leibhéal áirithe ag an am seo den bhliain, is féidir obair ón scoilbhliain 2015/16 a chur san áireamh.

Faoin 5 Bealtaine 2017	Déanfaidh CCEA modhnóireacht ar iontráil na scoile agus tabharfar aischothú. Mura bhfuil CCEA in ann an tuiscint atá ag an scoil ar na caighdeáin a dheimhniú ó iontráil na scoile, déanfaidh an fhoireann modhnóireachta tacaíocht bhreise a thairiscint.
Faoin 24 Bealtaine 2017	Caithfidh an scoil comhad idirmhalartú leictreonach sonraí (EDI) a chur chuig CCEA trí C2k, ar a n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> • sonraí maidir le daltaí Bhliain 10; agus • an leibhéal a bhronn na múinteoirí ar gach dalta sa Chumarsáid, in Úsáid na Matamaitice agus in Úsáid TFC.

Modhnóireacht Leantach (*Na scoileanna sin nár deimhníodh a dtuiscint ar na leibhéil go fóill*)

Deireadh Bealtaine/ Tús Meithimh 2017	Déanfaidh CCEA teagmháil leis na scoileanna atá páirteach sa Mhodhnóireacht Leantach le tacaíocht bhreise ó mhodhnóir a thairiscint.
Meitheamh go Meán Fómhair 2017	Cuirfidh CCEA tacaíocht ar fáil do na scoileanna sin ar mhaith leo tacaíocht.